Deis chun ról mar Bhainisteoir Cumarsáide/Meán a chomhlíonadh (Príomhoifigeach Cúnta Ardghráid) sa Roinn Airgeadais

Dáta deireanach: 5:00pm Déardaoin an 15 Lúnasa 2019

Faisnéis chúlra faoin Roinn Airgeadais

Tá ról lárnach ag an Roinn Airgeadais maidir le beartas rialtais a chur i bhfeidhm agus maidir le comhairle agus tacaíocht a thabhairt don rialtas i ndáil le bainistíocht eacnamaíochta agus airgeadais an Stáit agus i ndáil le beartais atá ceaptha chun a chinntiú go mbeidh córas airgeadais na hÉireann in ann oibriú ar bhonn cobhsaí, inbhuanaithe agus tráchtála.

Is é atá i misean na Roinne ná *"bainistíocht a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais an Rialtais agus a bheith lárnach i mbun spriocanna eacnamaíochta agus sóisialta an Rialtais a bhaint amach le haird ar an gClár Rialtais. Beidh ról ceannródaíochta againn ar an gcaoi sin i bhfeabhas a chur ar chaighdeáin maireachtála ag saoránaigh uile na hÉireann".*

An Ról

Beidh freagracht ar an mBainisteoir Cumarsáide/Meán i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar raon bealaí cumarsáide lena chinntiú go mbíonn ailíniú ann ar fud na Roinne maidir le teachtaireachtaí a chuirtear chuig geallsealbhóirí inmheánacha agus chuig geallsealbhóirí seachtracha, i ndáil le míreanna cumarsáide agus freagraí mionsonraithe a fhorbairt atá oiriúnach lena scaipeadh thar ardáin mheán, i ndáil le taighde agus mínscagadh a dhéanamh ar ábhar iomchuí ar mhaithe le teachtaireachtaí soiléire, cruinne, deisbhéalacha a fhorbairt, i ndáil le hóráidí agus seisiún eolais a fhorbairt agus tionscnaimh chaidreamh poiblí agus caidreamh meán a bhainistiú, i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar fhiosraithe ó na meáin agus freagra a thabhairt orthu, i ndáil e bainistíocht a dhéanamh ar straitéisí cumarsáidí inmheánacha laistigh den Roinn agus i ndáil le himeachtaí agus comhdhálacha ardleibhéil a eagrú agus a bhainistiú.

Tuairiscíonn an Bainisteoir Cumarsáide/Meán don Cheann Gnóthaí Corparáideacha ar a bhfuil freagracht i ndáil le Preasoifig na Roinne freisin, agus beidh sé/sí bainteach le raon gníomhaíochtaí ar fud na Roinne agus é/í ag obair go dlúth le Cinn Rannán agus ceannairí beartais i dtaca le réimsí sonracha oibre de réir na dtosaíochtaí atá leagtha síos i straitéis chumarsáide fhoriomlán agus i bpríomhtheachtaireachtaí na Roinne. Mar shampla, beifear ag díriú, i dtosach báire, ar an straitéis chumarsáide dar teideal *Ireland for Finance*, is é sin, straitéis chúig bliana an Rialtais chun forbairt a dhéanamh ar earnáil sheirbhísí idirnáisiúnta airgeadais na hÉireann. Is é a bheidh i gceist leis sin ná an straitéis a fhorbairt ar bhonn intíre agus ar bhonn idirnáisiúnta i measc na bpríomh-gheallsealbhóirí (líonra na nAmbasáidí, IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann agus an tionscal), rud a chuimseoidh ábhar poiblíochta agus margaíochta, brandáil agus meáin shóisialta. Ina theannta sin, beidh an Bainisteoir Cumarsáide/Meán bainteach le heagrú agus le bainistiú imeachtaí agus comhdhálacha ardleibhéil amhail an Fóram Airgeadais Eorpach, an tIdirphlé Náisiúnta Eacnamaíochta, agus Comhdhálacha Bliantúla na Roinne ar Eacnamaíocht agus Cánachas agus ar Airgeadas Inbhuanaithe.

Ní bheidh an Bainisteoir Cumarsáide/Meán bainteach leis na dualgais a chomhlíonann Preasoifigeach nó Preasoifig an Aire ach táthar ag súil go mbeidh comhoibriú agus sineirgíocht ann idir na feidhmeanna sin.

Na Príomhfhreagrachtaí

Clúdóidh príomhfhreagrachtaí an Bhainisteora Cumarsáide/Meán an méid seo a leanas:

- Forbairt agus bainistíocht a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach agus ar chumarsáid sheachtrach i gcomhréir le straitéis fhoriomlán na Roinne maidir le cumarsáid agus príomhtheachtaireachtaí;
- Forbairt agus bainistíocht a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach agus ar chumarsáid sheachtrach i leith réimsí sonracha gníomhaíochta amhail *Ireland for Finance* agus i leith straitéisí agus pleananna eile, de réir mar is gá;
- Straitéis dhigiteach agus mheán sóisialta na Roinne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bainistiú láithreán gréasáin na Roinne, comhthéacs cuí a chruthú a bheidh le húsáid ar fud ardáin na Roinne, agus sainaithint bealaí nua, nuálacha maidir le cumarsáid leis na meáin agus leis an bpobal;
- Imeachtaí agus comhdhálacha ardleibhéil na Roinne a eagrú agus a bhainistiú lena n-áirítear cainteoirí agus deiseanna meán a shainaithint;
- Caidreamh oibre éifeachtach le geallsealbhóirí seachtracha, lena n-airítear Ranna/Gníomhaireachtaí eile, Líonra na nAmbasáidí, comhpháirtithe gnó agus comhpháirtithe sóisialta, institiúidí idirnáisiúnta agus an lucht acadúil a shainaithint, a fhorbairt agus a chothabháil;
- Straitéisí cumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil in éineacht le príomh-gheallsealbhóirí seachtracha agus obair a dhéanamh leo i leith imeachtaí agus comhdhálacha ardleibhéil na Roinne nuair is gá sin;
- Idirchaidreamh dlúth agus idirghníomhaíocht dhlúth le gach meitheal oibre inmheánach d'fhonn riachtanais phoiblíochta a chinneadh agus deiseanna a shainaithint;
- Tacú le cumarsáid inmheánach chun méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na foirne i gcuspóirí agus i dtreo straitéiseach na heagraíochta agus oibriú leis an lucht Acmhainní Daonna chun cultúr iontaoibhe, rannpháirtíochta agus comhoibrithe trasfoirne a spreagadh ar fud na heagraíochta;
- Feachtais réamhghníomhacha mheán a shainaithint, a threorú agus a chur i bhfeidhm chun obair na Roinne a chur chun cinn i measc na bpríomhchustaiméirí;
- Meáin fhrithghníomhacha a bainistiú agus a chinntiú go dtugtar freagraí a thugann léiriú cuí ar obair thábhachtach na Roinne;
- Tacaíocht agus eolas a thabhairt d'urlabhraithe mar ullmhúchán le haghaidh caidrimh leis na meáin agus oiliúint a chomhordú más gá;
- Teachtaireachtaí tábhachtacha ón lucht bainistíochta sinsearaí chuig custaiméirí iomchuí a phleanáil agus a chomhordú.

Cáilíochtaí & Riachtanais Riachtanacha

Ní mór d'iarrthóirí:

- Taithí cruthaithe a bheith acu ar fheidhm Caidreamh Meán lánseirbhíse a threorú agus ar bhainistíocht a dhéanamh ar acmhainní foirne Preasa/Cumarsáide;
- Taithí follasach ar bhainistíocht a dhéanamh ar gach cineál caidreamh poiblí agus gníomhaíochtaí meán agus ar thionscadail/fheachtais iolracha amhail preasócáidí, agallaimh meán 'duine le duine', ócáidí glactha grianghraf agus fógairtí;
- Taithí follasach ar bhainistíocht a dhéanamh ar fhiosruithe a fhaightear, ó la go lá, ó na meáin agus ó gheallsealbhóirí;
- Taithí ar bhainistíocht a dhéanamh ar mheáin shóisialta chorparáideacha agus ar ardáin dhigiteacha ar mhaithe le caidreamh éifeachtach poiblí agus ar mhaithe le nithe a bhaineann leis na meáin;
- Scileanna maithe cumarsáide, cruthaitheachta agus eagrúcháin;
- Scileanna sármhaithe ó bhéal agus i scríbhinn, lena n-áirítear ábhar a scríobh do nuachtáin, don raidió agus don idirlíon, chomh maith le scileanna taithí agus eagarthóireachta;
- Scileanna sármhaithe idirphearsanta mar aon le cumas chun líonrú a dhéanamh, caidrimh a bhunú agus teagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí, agus dul i gcion orthu, ag gach leibhéal sinsearachta;
- An cumas chun oibriú leis an lucht bainistíochta sinsearaí agus lena meithleacha oibre chun straitéisí cumarsáide/cláir chumarsáide a cheapadh, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar son a n-eagraíochta agus chun caidreamh poiblí a threorú agus a stiúradh, lena n-áirítear caidreamh leis na meáin agus teagmháil le geallsealbhóirí, agus saineolas agus seirbhísí comhairleacha a sholáthar le haghaidh mórimeachtaí;
- Eolas forleathan ar na meáin agus ar threochtaí gaolmhara ar fud na n-ardán clóite, craolacháin agus digiteach, lena n-áirítear tuiscint shoiléir ar éifeachtaí na n-ollmheán cumarsáide agus ar chumhacht an líonraithe sóisialta;
- Tiomantas i leith torthaí ardchaighdeáin a bhaint amach agus i leith deimhin a dhéanamh de go gcuirtear gach tasc i gcrích de réir caighdeán an-ard;
- Toilteanas maidir le smaointe agus faisnéis a chomhroinnt d'fhonn toradh ar leith a bhaint amach;
- An fhéinmhuinín agus an diongbháilteacht atá ag teastáil chun déileáil le cúinsí dúshlánacha;
- Cumas chun smaointeoireacht straitéiseach a dhéanamh, cúinsí a mheas go cuí agus measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a ghabhann le modhanna oibre éagsúla;
- A bheith spreagtha, solúbtha agus toilteanach chun oiriúnú a dhéanamh agus rannchuidiú le hathrú a chur i bhfeidhm agus a bheith in ann féintionscnamh a úsáid de réir mar is cuí agus nuair is cuí déanamh amhlaidh.

Inmhianaithe:

- Cáilíocht tríú leibhéal, nó cáilíocht iarchéime, i ndisciplín Chumarsáide/Mhargaíochta nó i ndisciplín ghaolmhar iomchuí;
- Tuiscint shuntasach agus taithí ar idirghníomhaíocht leis an gcóras polaitíochta.

Cáilitheacht i leith iarratas a dhéanamh agus srianta áirithe ar cháilitheacht

Is ceart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhfuil cáilitheacht i leith dul san iomaíocht oscailte do shaoránaigh de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Cuimsíonn LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, le Lichtinstéin agus leis an Iorua.

Scéim Dreasachtaí Luathscoir (SDLS;)
Coinníoll de chuid na Scéime Dreasachtaí Luathscoir (SDLS) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais is ea go bhfuil cosc ar phinsinéirí faoin Scéim sin iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh pinsinéirí den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):
Le Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte agus Leanaí dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach Scéim Spriocdhírithe Luathscoir VER agus Scéim Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Coinníoll de chuid scéim VER is ea nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim cáilithe le haghaidh athfhostaíochta san earnáil sláinte poiblí ná sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach ó airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna faoi scéim VRS ach amháin go maireann an toirmeasc 7 mbliana agus, ina dhiaidh sin, beidh aon athfhostú faoi réir ceadú a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níl daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin cáilithe chun bheith san iomaíocht sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí
Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (arna mhíniú leis na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 go 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh. Ina dhiaidh sin, ní mór toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil roimh athfhostú. Maidir le daoine a bhain leas as an scéim seo agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo, beidh orthu a gcáilitheacht a chruthú (an tréimhse neamhcháilitheachta a bheith imithe in éag) agus ní mór toiliú an Aire a fháil sular féidir le haon chomhlacht seirbhíse poiblí iad a athfhostú.

Dearbhú:
Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim seirbhíse dreasachta luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidil chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás ina bhfuair siad íocaíocht ionaid maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

Na Príomhinniúlachtaí a bhaineann le feidhmíocht éifeachtach ag leibhéal an Phríomhoifigigh:



Inniúlachtaí Leibhéal an Ardoifigigh Chúnta

Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

Ceannaireacht	Cuireann go gníomhach le forbairtí straitéisí agus beartais na Roinne/na hEagraíochta
	Dírithe agus tiomanta ar ardfheidhmíocht a bhaint amach, pléitear le ceisteanna feidhmíochta de réir mar a tharlaíonn siad
	Tugann treoir agus baineann an fiúntas is mó as an fhoireann ina hiomláine
	Smaoiníonn sé/sí ar éifeacht thorthaí i dtéarmaí ginearálta seachas ina réimse féin
	Sainmhíníonn spriocanna go soiléir agus dáileann freagrachtaí go héifeachtach, spreagtar freagracht as dualgais
	Cumas daoine eile a fhorbairt trí aiseolas, cóitseáil agus trí dheiseanna chun scileanna a fhorbairt, a chruthú
	Aithníonn sé/sí deiseanna chun slite nua agus nuálacha maidir le seirbhís a sholáthar
Taighde, Anailís agus Cinntí a Dhéanamh	Déanann sé/sí taighde dúthrachtach agus téann sé/sí i gcomhairle chun gach eolas a bhailiú faoin ábhar
	Tuigeann sé/sí ceisteanna casta gan mhoill, glacann sé agus déanann sé measúnú ar shonraí (sonraí uimhriúla san áireamh)
	Cuireann sé/sí eolas éagsúil le chéile, aithníonn sé/sí comhchaidreamh agus naisc
	Déanann sé/sí cinntí stuama atá soiléir agus le ciall faoi cheisteanna tábhachtacha
	Cuireann sé/sí na himpleachtaí, na cláir agus na hiogaireachtaí i gcoitinne san áireamh i gcinntí agus ar an éifeacht ar pháirtithe leasmhara éagsúla
	Tógann sé/sí seasamh daingean ar cheisteanna a cheapann sé/sí atá tábhachtach
Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar	Tógann sé/sí freagracht as obair dhúshlánach agus soláthraíonn sé/sí an obair in am agus ar ardchaighdeán
	Déanann sé/sí pleanáil agus tugann sé/sí tosaíocht don obair ó thaobh tábhacht, tréimhse ama agus chonstaicí eile de, athraíonn sé/sí tosaíochtaí de réir mar a athraíonn na cúinsí
	Cinntíonn sé/sí go bhfuil seirbhís ar ardchaighdeán agus éifeachtach ar fáil do chustaiméirí sa rannóg
	Scrúdaíonn sé/sí ceisteanna féachaint an féidir rudaí a dhéanamh níos fearr
	Tá meon oscailte aige/aici maidir le smaointe, tionscnaimh nua agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna
	Cinntíonn sé/sí go bhfuil bearta rialála agus feidhmíochta in áit chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar
	Déanann sé/sí bainistíocht éifeachtach ar thionscadail éagsúla
Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide	An cumas eolas a thabhairt go muiníneach, go loighciúil agus go diongbháilte, ó bhéal agus i scríbhinn
	Spreagann sé/sí comhrá oscailte agus cuiditheach maidir le ceisteanna oibre
	Spreagann sé/sí obair foirne sa rannóg, ach oibríonn sé/sí go héifeachtach ar thionscadail i Ranna agus i Rannóga eile
	Bíonn sé/sí ar a s(h)uaimhneas agus i gceannas agus é/í ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile
	Cuireann sé/sí béim ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse
	Forbraíonn agus cothabhálann sé/sí gréasán teagmhálaithe chun cuidiú le fadhbanna a réiteach nó chun eolas a roinnt
	Déanann sé/sí teagmháil éifeachtach le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den phobal, Comhghleacaithe sa Státseirbhís agus an córas polaitíochta
Saineolas, Oilteacht agus Féin-fhorbairt	Tuigeann sé/sí go soiléir a spriocanna féin agus spriocanna na foirne agus conas mar a oibríonn siad san aonad agus sa Roinn
	Tá sár-eolas aige/aici ar cheisteanna na Roinne agus an Rialtais agus tuigeann sé/sí tosaíochtaí uile polaitíochta agus eagraíochta
	Measann na páirtithe leasmhara gur saineolaí é/í ina réimse féin
	Tá sé/sí dírithe ar fhorbairt phearsanta, lorgaíonn sé/sí aiseolas agus deiseanna do dhul chun cinn maidir le riachtanais ar leith an phoist a chomhlíonadh
Fuinneamh agus Tiomantas do Chaighdeáin Seirbhíse Poiblí	Tá sé/sí spreagtha agus léiríonn sé/sí gur mian leis /léi feidhmiú go leanúnach ag an ardleibhéal
	Tá sé/sí ionraic agus is féidir brath air/uirthi
	Cinntíonn sé/sí go ndírítear ar an saoránach maidir le gach seirbhís a sholáthraítear
	Cuireann sé/sí na caighdeáin is airde maidir le heitic agus ionracas chun cinn trína leithéid a dhéanamh é/í féin

Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Ginearálta

Is ceapachán chuig post bunaithe sa Státseirbhís é an ceapachán agus tagann sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

Pá

Beidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leis nó léi ar scála pá lena ngabhann breisithe bliantúla suas go dtí pointe uasta. Is ar chothromdháta an cheapacháin a íoctar an breisiú bliantúil ar choinníoll go mbíonn feidhmíocht, freastal agus iompar sásúil i rith na bliana. D'fhéadfadh breisithe fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis tréimhse 3 bliana (LS11) agus tar éis 6 bliana (LS12) de sheirbhís shásúil ar phointe uasta an scála.

Seo a leanas an scála tuarastail don phost (le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018):

Scála Tuarastail an Phríomhoifigigh Chúnta Ardleibhéil (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin)

€72,794 - €75,466 - €78,144 - €80,820 - €83,498 - €85,061 (MAX) - €87,716 (LSI1) - €90,379 (LSI2)

Tabhair do d'aire, le do thoil, gurb amhlaidh, faoin Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017, go mbeidh feidhm ag na rátaí athbhreithnithe seo a leanas ón 1 Meán Fómhair 2019:

€74,068 - €76,787 -€79,512 - €82,234 - €84,959 - €86,550 (MAX) - €89,251 (LSI1) - €91,961 (LSI2)

Beidh feidhm ag an scála pá sin más rud é, ar an 6 Aibreán 1995 nó dá éis, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí láithreach é nó í an té atá le ceapadh agus é a bheith de cheangal air nó uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh nó beidh feidhm aige maidir le hiontrálaithe nua sa státseirbhís a mbeidh sé de cheangal orthu ranníocaíocht riachtanach phearsanta pinsin a dhéanamh.

Beidh feidhm ag ráta difriúil i gcás ina bhfuil an té atá le ceapadh ina státseirbhíseach nó ina s(h)eirbhíseach poiblí a earcaíodh roimh an 1Aibreán 1995 agus nach bhfuil sé de cheangal air nó uirthi Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Nóta Tábhachtach

Tosófar ag pointe íosta an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir leis an ráta luacha saothair agus féadfar an ráta luacha saothair a choigeartú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh breisithe a bheith iníoctha i gcomhréir le Beartas reatha an Rialtais.. (Féach mír 2.10 de Chomhaontú Bóthar Haddington chun athruithe a rinneadh le déanaí a fheiceáil.)

Déantar gach íocaíocht le baill foirne a théann i mbun dualgais a íoc trí Aistriú Leictreonach Cistí (EFT).

Déanfaidh an Roinn Airgeadais asbhaintí reachtúla as an tuarastal de réir mar is cuí. Aontóidh tú go bhféadfar, de réir an Achta um Íoc Pá 1991, aon ró-íocaíocht tuarastail nó aon ró-íocaíocht

taistil agus cothaithe a asbhaint as íocaíochtaí tuarastail atá ag dul duit.
Déanfaidh an Roinn méid agus mionsonraí aon ró-íocaíochta den sórt sin a chur in iúl duit i scríbhinn agus tabharfaidh siad fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh agus asbhainfear an ró-íocaíocht de réir ráta atá cothrom, réasúnach agus na himthosca go léir á gcur san áireamh.

Ceannoifig
Tá an Roinn Airgeadais lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

Uaireanta freastail
Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham ach ní lú iad ná 43 huaire an chloig agus 15 nóiméad san iomlán in aghaidh na seachtaine a bheidh ann. Beidh ar an té a cheapfar cibé uaireanta breise a oibriú ó am go ham de réir mar atá réasúnach agus riachtanach chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh, ach sin faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin a bhaineann le ham oibre. Clúdaíonn an ráta luacha saothair is iníoctha aon dliteanas maidir le freastal breise a d'fhéadfadh a bheith ann ó am go ham.

Saoire Bhliantúil
Is é atá sa tsaoire bhliantúil don phost mar Ardoifigeach Cúnta ná 30 lá oibre sa bhliain (pro rata). Tá an lamháltas sin faoi réir ghnáthchoinníollacha na státseirbhíse maidir le saoire bhliantúil a dheonú agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh ann.

Saoire Bhreoiteachta
Le linn asláithreachta mar gheall ar bhreoiteacht, ar aslaithreacht chuí-dheimhnithe í, íocfar pá ar bonn pro rata de réir fhorálacha na gciorclán a bhaineann le saoire bhreoiteachta ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse ann.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ar ráta Aicme A sainordú a shíniú á údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn Airgeadais. Beidh íocaíocht le linn na breoiteachta faoi réir éilimh riachtanacha a bheith á ndéanamh ar an Roinn Coimirce Sóisialaí ag an oifigeach le haghaidh sochar árachais shóisialta laistigh de na hamteorainneacha riachtanach.

Aoisliúntas agus Scor
Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís tráth tairisceana an cheapacháin a thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi. De ghnáth, agus seachas i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí scéime nach scéim aonair í) laistigh de na 26 seachtaine roimh an gceapachán (féach mír d thíos), ciallaíonn sé sin tairiscint a bheith faighte ar bhonn Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le comhaltas sa Scéim Aonair:

a) Aois Inphinsin
Is é 66 bliana d'aois (a bheidh á hardú go 67 mbliana d'aois agus go 68 mbliana d'aois) an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha i gcomhréir le hathruithe ar an aois le haghaidh an Phinsin Stáit.

b) Aois Scoir:
Ní mór do chomhaltaí na Scéime dul ar scor nuair a shroicheann siad aois 70.

c) Laghdú Pinsin:

Má bhí an té atá le ceapadh fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís agus pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís beidh feidhm ag na gnáthrialacha maidir le laghdú. Ach má bhí an té atá le ceapadh fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís agus pinsean faighte aige nó aici faoi shocruithe maidir le luathscor deonach (seachas an Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER) nó Chiorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte maidir le VER/VRS, a fhágann, mar a léirítear, nach bhfuil duine cáilithe i gcomhair an chomórtais) beidh deireadh leis an teideal chun an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís atá tugtha roimhe sin ag an té atá le ceapadh roimhe seo a áireamh chun críche aon íocaíocht aoisliúntais a mbeidh an té atá le ceapadh i dteideal í a fháil sa todhchaí.

Má bhí an té atá le ceapadh fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil foráil ann san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 lena leathnaítear laghdú pinsin i gcás na Státseirbhíseach agus na Seirbhíseach Poiblí go léir a athfhostaítear i gcás ina bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. Tháinig an fhoráil sin maidir le laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí i gcoitinne in éifeacht ar an 1 Samhain 2012. D'fhéadfadh impleachtaí pinsin a bheith aige sin i gcás aon duine a cheapfar chuig an bpost seo agus a bhfuil pinsin Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí á fhail aige nó aici faoi láthair nó ag a bhfuil pinsin Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí caomhnaithe a thiocfaidh chun bheith iníoctha le linn é nó í a bheith ar fostú sa phost seo.

d) Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht chiorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear é nó í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, go scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar íocaíochtaí pinsin arís, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine 60, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á ríomh).

e) Scor de dheasca Easláinte

Tabhair do d'aire, le do thoil, gurb amhlaidh, i gcás inar scoir pearsa aonair ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí mar gheall ar easláinte, go bhféadfadh sé go gcuirfear a p(h)insean ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca easláinte i scéim pinsin na fostaíochta sin.

f) Iarsheirbhísigh Phoiblí

Cé go gcuimsíonn na téarmaí pinsin réamhshocraithe, mar atá leagtha amach sna míreanna sin roimhe seo, comhaltas sa Scéim Aonair, d'fhéadfadh sé nach mbeidh feidhm aige seo maidir le daoine áirithe atá le ceapadh. Tá mionsonraí iomlána faoi na coinníollacha lena rialaítear cé acu atá nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina c(h)omhalta den Scéim Aonair le fáil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Ach is é atá sa phríomhchás eisceachta (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus i gcoitinne) ná

nach dtiocfadh iarrthóir a n-éiríonn leis nó léi agus a bhí ag obair i gcáil inphinsin (téarmaí scéime nach scéim aonair í) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 16 seachtaine roimh dhul i mbun ceapacháin chun bheith ina c(h)omhalta den Scéim Aonair de ghnáth. Sa chás sin, dhéanfaí comhaltas sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("Scéim na bhFostaithe Stáit Neamhbhunaithe") a thairiscint d'iarrthóir den sórt sin. Chiallódh sé sin go mbeadh feidhm ag na forálacha maidir le laghdú ag (c) thuas agus, de bhreis air sin, tá impleachtaí ann i leith fabhrú pinsin mar atá leagtha amach thíos:

g) <u>Fabhrú Pinsin</u>

Bheadh feidhm ag teorainn 40 bliain maidir leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás ina raibh duine ina chomhalta nó ina comhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Maidir leis an teorainn 40 bliain sin dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, tháinig sí i bhfeidhm ar an 28 lúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin d'aon duine atá le ceapadh agus a bhfuil cearta pinsin faighte aige nó aici i ndáil le fostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

h) <u>Asbhaint a Bhaineann le Pinsean</u>

Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 (arna leasú).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil i ndáil leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair le haghaidh Seirbhísigh Phoiblí, féach ar an láithreán gréasáin seo a leanas le do thoil: http://www.per.gov.ie/pensions.

Is ionann an méid sin thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

Próiseas an Chomórtais

<u>Conas Iarratas a Dhéanamh</u>

Is ceart d'iarrthóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar an bpost seo an méid seo a leanas a thíolacadh:

- Curriculum Vitae – agus béim á leagan ar thaithí iomchuí agus 3 leathanach ar a mhéad a bheith ann;
- Ráiteas gairid ina bhfuil tuairim is 500 focal agus ina leagtar amach go hachomair cén fáth go measann tú go mbeifeá oiriúnach don phost agus ina leagtar amach go hachomair an t-eolas agus ab fhaisnéis atá agat ar na saincheisteanna iomchuí;
- An Fhoirm Iarratais Chlúdaigh Chomhlánaithe (Aguisín A)

<u>Dáta deireanach</u>

Ní mór d'iarratas a thíolacadh do recruitment@finance.gov.ie agus líne ábhair "Bainisteoir Cumarsáide/Meán - Iarratas" ann faoi **<u>5:00pm ar an 15 Lúnasa 2019</u>**. Bí cinnte, le do thoil, go bhfuil d'ainm ar gach doiciméad a thíolactar. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha na le hiarratais

neamhiomlána. Más rud é nach bhfuil admháil á rá go bhfuarthas d'iarratas faighte agat laistigh de 48 n-uaire an chloig ón iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le: JimStaffordatjim.stafford@finance.gov.ienórecruitment@finance.gov.ie
Is dócha go mbeidh na hagallaimh le haghaidh an phoist seo ar siúl ag deireadh mhí Lúnasa/ag tús mhí Mheán Fómhair 2019.

Modhanna Roghnóireachta

Féadfaidh aon cheann de na céimeanna seo a leanas, nó na céimeanna seo a leanas go léir, a bheith i gceist le roghnóireacht ach sin ag brath ar an líon iarrthóirí:

- **Céim 1**: Gearrliostú páipéarbhunaithe iarrthóirí ar bhonn riachtanais riachtanacha an ghráid agus ar bhonn na faisnéise atá ann ina Curriculum Vitae agus ina Ráiteas Pearsanta. Dá bhrí sin, is chun do leasa é an taithí, an t-eolas, na cáilíochtaí agus na scileanna iomchuí atá agat a sholáthar agus an tslí ina gcomhlíonann tú na riachtanais atá leagtha amach san Fhógra seo a léiriú. A mhéid is féidir, is é an Bord Agallaimh a sheolfaidh an obair gearrliostaithe, rud a dhéanfar a luaithe is féidir tar éis an dáta dheireanaigh chun glacadh le hiarratais.
- **Céim 2**: Ina dhiaidh sin, tabharfar cuireadh do na daoine a ghearrliostaítear ag Céim 1 chuig réamhagallamh comórtais chun a thaispeáint go bhfuil na hinniúlachtaí acu atá ag teastáil i leith phost an Phríomhoifigigh Chúnta agus i leith na riachtanas riachtanach don phost atá leagtha amach san fhógra seo.
- **Céim 3:** Maidir le hiarrthóirí a fhaigheann pas sa réamhagallamh, tabharfar cuireadh dóibh chuig agallamh deiridh comórtais. Mar an gcéanna leis an réamhagallamh, beidh an t-agallamh seo dírithe ar leibhéal taithí agus cáilíochtaí na n-iarrthóirí i leith riachtanais an phoist, lena n-áirítear inniúlachtaí cineálacha Príomhoifigigh Chúnta mar atá leagtha amach san fhógra seo.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Imréiteach Slándála

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí grinnfhiosrúchán póilíneachta i leith daoine aonair a ndéanfar iad a bhreithniú le haghaidh ceapacháin. Beidh ar an iarratasóir foirm ghrinnfhiosrúcháin de chuid an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais má bhreithnítear é nó í le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála maidir le gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag a raibh cónaí air nó uirthi. D'fhéadfadh sé go ndéanfar fiosrúcháin freisin le fórsa póilíneachta in aon tír ina raibh cónaí ar an iarratasóir atá á bhreithniú nó á breithniú le haghaidh ceapacháin Mura n-éiríonn leis an iarratasóir, scriosfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an fhaisnéis sin. I gcás ina an t-iarratasóir le breithniú ina dhiaidh sin le haghaidh post eile, beidh air nó uirthi an fhaisnéis sin a sholáthar arís.

Faisnéis thábhachtach eile

Feidhmíocht agus Promhadh

Is ceapachán chuig grád Príomhoifigigh Chúnta (Scála Ardleibhéil) a bheidh sa cheapachán agus beidh sé faoi réir na ngnáthchoinníollacha lena rialaítear ceapacháin den sórt seo. Tar éis é nó í a cheapadh, fónfaidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar feadh tréimhse phromhaidh bliana i

ngrád Príomhoifigigh Chúnta (Scála Ardleibhéil). Ag deireadh na tréimhse sin, déanfar cinneadh maidir le ceapachán substainteach chuig an ngrád. Beidh aon cheapacháin faoi réir nósanna PMDS i ndáil le faireachán feidhmíochta agus athbhreithnithe promhaidh.

Cóid Chleachtais

Déanfar an próiseas earcaíochta agus roghnaithe i leith ceapadh chuig an bpost seo a sheoladh de réir an Chóid Cleachtais atá foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

Léiríonn an Cód Cleachtais na croíphrionsabail seo a leanas:

- Cuibheas
- Ceapacháin a dhéanamh de réir tuillteanais
- Próiseas ceapacháin i gcomhréir leis an dea-chleachtas
- Próiseas cothrom ceapacháin a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Ceapacháin a dhéanamh ar mhodh oscailte, cuntasach, trédhearcach

Moltar d'iarrthóirí iad féin a chur ar an eolas faoi ábhar an Chóid Cleachtais lena n-áirítear, inter alia, na forálacha a bhaineann leis na freagrachtaí atá ar iarrthóirí a ghlacann páirt sa phróis earcaíochta agus roghnóireachta. Is féidir teacht ar an gCód Cleachtais trí chuairt a thabhairt ar www.cpsa-online.ie

Gearáin agus Iarrataí ar Athbhreithniú

Is ceart aon ghearáin/iarrataí ar athbhreithniú a sheoladh, i scríbhinn amháin, chuig Niall Ó Ceallaigh, Bainisteoir Acmhainní Daonna, an tAonad Acmhainní Daonna, an Roinn Airgeadais, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Cosaint Sonraí

Mar chuid den phróiseas comórtais seo, beidh ar iarratasóirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ina n-iarratas agus ina Curriculum Vitae. Is ceart d'iarratasóirí an leabhrán dar teideal **Ráiteas Príobháideachais an Iarrthóra le haghaidh Comórtais Sheachtracha** atá ann san fhógra ríomhphoist a thabhairt dá n-aire.

Tá próiseáil sonraí pearsanta atá riachtanach chun críche an chomórtais seo dleathach de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 6(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoi Alt 71 (2) (a) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

30 Iúil 2019

Aguisín A

Foirm Iarratais Chlúdaigh

Ról Bainisteora Cumarsáide/Meán (Príomhoifigeach Cúnta Ardleibhéil) sa Roinn Airgeadais

MIONSONRAI TEAGMHÁLA:

Ainm an Iarrthóra: _____

Seoladh: _____

_____

_____

_____

Seoladh Ríomhphoist: _____

Uimhir Theileafóin: _____

Nóta: *Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist a sholáthraítear thuas le haghaidh an chomhfhreagrais go léir a bhaineann leis an gcomórtas seo. Is ceart d'iarrthóirí a chinntiú go soláthraíonn siad seoladh ríomhphoist nach mbeidh ina chúis le moill i dtaca le cumarsáidí a chur chucu.*

Tá sé beartaithe go ndéanfar gearrliostú agus/nó agallaimh a sheoladh a luaithe is féidir tar éis an dáta dheireanaigh. Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir ar leith iad féin a chur ar fáil le haghaidh agallaimh.

Riachtanais Speisialta: Le go mbeimid in ann tú a éascú ag ionad an agallaimh, tabhair mionsonraí, le do thoil, faoi aon riachtanais speisialta atá agat:

_____

_____

_____

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar an bpost thuas agus tá na doiciméid go léir ata luaite sa phróiseas iarratais curtha ar fáil agam.

- Curriculum Vitae
- Ráiteas Pearsanta
- Mionsonraí Teagmhála:

Síniú an Iarrthóra: _____ **Dáta:** _____